Judy agus Tiffany

COLÁISTE CHROÍ MHUIRE, AN SPIDÉAL, CO. NA GAILLIMHE

23/4/2021

FIGHTING WORDS

The write to right.

Ábhar

Judy agus Tiffany

Scéal Ali

Scéal Chaoilte

Scéal Fherdia

Scéal Fia

Scéal Khatie

Scéal Lúc

Scéal Sarah

Scéal Sheáin Óig

Scéal Thomáis

Sceál Rian

Scéal Dhéithín

Judy agus Tiffany

Carachtair:

Judy, Aois 22. Cuthalach, gruaig rua uirthi, ard agus tanaí.

Tiffany, Aois 19, Gruaig dhubh, an-cheanndána

Tá Tiffany agus Judy i mansion mór sa Spáinn. Tá siad amuigh faoin tuath in áit atá tógtha ar cíos acu ó aintín Tiffany, Maria. Tá go leor earc luachra thart ann. Tá Maria imithe as an teach. Tá siad suite ag breathnú ar an telly. Tá siad ag breathnú ar an RTE Player.

Judy: Ar chuala tú an fhuaim aisteach sin? (Go neirbhíseach)

Tiffany: Níor chuala, bí ciúin! (go crosta)

Tá siad ag dul uimhreacha an Lotto a thabhairt amach.

Judy: Bhí fuaim ó thuas sa staighre, ceapaim gur oscail doras. Ba cheart dúinn dul suas staighre go bhfeicfidh muid céard atá ann.

(Éiríonn *sí* an-*tapaidh. Casann sí* as an *teilifís.)*

An oíche atá ann agus tá an stoirm le cloisteáil taobh amuigh.

Tiffany: Cén fath gur chas tú as an teilifís? (go holc)

Judy: Cá ndeachaigh d'aintín Maria?

Tiffany: Tá sí imithe ag an gCasino. Má théann muid suas sa staighre, an mbeidh tú ciúin?

Judy: Beidh mé ciúin-an mbeidh tusa?

*Téann siad suas sa staighre, d*únann *doras taobh thiar díobh, baintear geit astu agus ritheann siad síos an staighre arís…*

Scéal Ali

Judy: Céard sa diabhal é sin??

Tiffany: Níl a fhios agam, ach ní maith liom é.

Cloiseann an bheirt acu torann eile.

Tiffany: An rachaidh muid suas staighre arís?

Judy: An bhfuil tú craiceáilte, níl mise ag dul suas staighre go dtí go dtagann Maria ar ais.

Téann Tiffany isteach sa gcistin.

Judy: Céard atá tú ag déanamh?

Tiffany: Tá mé ag fáil scian.

Judy: Cén fáth?

Tiffany: Má tá duine éicint thuas staighre tá muid in ann iad a mharú.

Judy: Nach mbeadh sé níos éasca dá gcuirfeadh muid fios ar na gardaí?

Siúlann Tiffany amach as an gcistin.

Tiffany: No, beidh na gardaí an-mhall ag teacht. Tá sé níos tapa má théann muide suas staighre.

Judy: Ceart go leor.

Téann Judy agus Tiffany suas staighre.

Chuala siad torann eile.

Judy: Tá eagla orm, Tiffany.

Tiffany: Tá sé ceart go leor.

Siúlann siad go seomra leapan Mharia.

Judy: Tusa ar dtús...

Téann siad isteach go dtí an seomra leapan, ansin casann na soilse as.

Tiffany agus Judy: AHHHHHHH!

Tagann na soilse ar arís.

Breathnaíonn Tiffany timpeall.

Tiffany: Judy tá sé ceart go leor tá na soilse ar arís.. Judy??

Cloiseann Tiffany rud éicint sa seomra folctha.

Osclaíonn sí an doras agus feiceann sí duine éicint sa bhfolcadán.

Tiffany: Cé atá ansin???

Judy: Tiffany???

Tiffany: Judy!! Cheap mé gur thóg duine thú.

Ansin cloiseann siad doras seomra leapan Mharia ag dúnadh.

Tiffany: Cibé duine atá anseo tá siad sa seomra leapan.

Osclaíonn Tiffany an doras leis an scian ina lámh.

Tiffany: Hello?

Breathnaíonn Judy ar an urlár.

Judy: CAT atá ann!

Tiffany: Awww, tá sé/sí go hálainn!

Judy : Tá mé á coinneáil.

Téann an bheirt acu síos staighre leis an gcat agus breathnaigh siad ar scannán.

Scéal Chaoilte

AN OÍCHE AISTEACH

Tagann Jamie agus Mikey isteach sa teach agus Roma Noodles ina láimh acu.

Jamie: A chailíní tá dinnéar faighte againn. (scread)

Mikey: Déanaigí deifir nó íosfaidh muid féin é.

Jamie: Cá bhfuil sibh?

Mikey: Meas tú an bhfuil siad i bhfolach?

Cloiseann na buachaillí na cailíní ag screadach ‘is ritheann siad suas go dtí an dara hurlár.

Mikey: Céard atá tarlaithe?

Tiffany: Tá rud éigin aisteach thuas staighre.

Judy: Tá sé ag déanamh go leor gleo.

Mikey: Ba cheart dúinn é a sheiceáil amach.

Jamie: Is dócha nach bhfuil ann ach d’aintín.

Tiffany: Bí cúramach.

Jamie: Ná bíodh aon fhaitíos ort, beidh mé togha.

Téann na buachaillí suas staighre agus feiceann siad splanc aisteach. Leanann siad é isteach i seomra na gcailíní thuas staighre. Buaileann sé an teilifís ‘is tagann carachtair cartúin ag léim amach - tá faitíos an domhain ar na buachaillí ‘is ritheann siad síos staighre ag caoineadh.

Tifanny: Céard a bhí ann?

Jamie: Splanc aisteach a bhuail an teilifís agus tháinig carachtair cartúin amach as.

Judy: Bhfuil tú ag magadh fúinn?

Mikey: Níl muid muis.

Tiffany: Céard a dhéanfaidh muid?

Jamie: Troidfidh muid iad.

Judy: Ceart go leor.

Faigheann siad airm agus ritheann siad suas staighre. Maraíonn siad gach ceann seachas Peppa Pig. Tosaíonn Peppa ag caitheamh plúir agus pancóga leo.

Mikey: Tá mise amuigh as urchair.

Judy: Tá muid uilig.

Léimeann Peppa ina dtreo ach téann siad amach as an mbealach is titeann Peppa isteach san oighean.

Jamie: Bhí sé sin an-scanrúil.

Tiffany: Bhí sé.

Judy: Tá an-ocras ormsa.

Tagann Maria isteach.

Maria: Tá boladh breá ón mbagún san oighean.

Tosaíonn gach duine ag gáire.

Scéal Fherdia

Oíche Sa Mansion

*Tá Tiffany agus Judy i Mansion sa Spáinn. Is le aint*ín *Tiffany, Maria, an teach.*

Cloiseann Judy agus Tiffany torann thuas staighre agus bíonn a bheirt scanraithe.

Judy: Céard sa diabhal a bhí ansin ?

Tiffany: Níl cliú agam ach tá mise ag dul glaoch a chur ar Mharia - seans go bhfuil a fhios aice sin rud éigin.

Judy: Déan deifir tá an bheirt againn óg fós agus tá go leor rudaí ar mo “bhucket list” atá mé ag iar-raidh a dhéanamh - ar an laghad deich rud eile.

DING DONG!!!

Tiffany agus Judy: Ahhhhhhhh!!!

Tiffany: Faigh scian as an gcistin.

Judy: Céard le haghaidh?

Tiffany: Cosaint.

DING DONG!!!

Tiffany: Gheobhaidh mise an doras. Fan tusa anseo agus bí ciúin, muna mbeidh mé ar ais i gceann dha nóiméad, cuir glaoch ar na gardaí .

Judy: Ceart go leor.

Tiffany: Ó, hello!

Judy: Cé atá ann?

(Ag siúl isteach sa seomra)

Tiffany: Seo hí mo cholceathar Peppa.

Judy: Cé as tú?

Peppa: Is as an áit mé ach cén fáth an bhfuil sibh ag sioscadh agus cén fáth a bhfuil an scian agatsa

Tiffany?

Tiffany: Tá rud éigin thuas staighre.

Peppa: Ó níl ansin ach Bob an glantóir is dócha, tar liom déarfaidh muid hello.

Téann an triúr acu suas staighre .Téann siad isteach sa seomra leis an doras dúnta agus feiceann siad Bob ceangailte ar chathaoir.

Judy: Ó no! Bob!

Tiffany: Céard a dhéanfaidh muid?

Téann siad i 'huddle' agus oibríonn siad amach plean.

Peppa: Seas siar - bhí mise san arm ar feadh bliana, tabhair dom an scian. Fan taobh thiar den doras.

Déanann Peppa torann an-ard. Tagan beirt fhear amach.

Peppa: BOO!!!

Fir: AHHHHHH!!!

Buaileann Judy agus Tiffany an bheirt fhear ar an gcloigean. Titeann siad ina gcodladh.

Judy: Tá beirt eile fágtha.

Na fir sa seomra: Héigh! Cé atá ann?!

Siúlann Peppa isteach sa seomra agus caitheann sí an scian ar nós ‘boomarang’. Buaileann sí an bheirt fhear eile agus bíonn Bob sábháilte.

An Deireadh

Scéal Fia

Téann siad suas an staighre. Dúnann doras taobh thiar dóibh. Baintear geit astu agus ritheann siad síos an staighre arís.

Judy: Tá duine éigin sa teach.

Tiffany: Níl ann ach an ghaoth. Tar suas staighre liom.

Judy: No,táim ag fanacht anseo.

Téann Tiffany suas an staighre agus bíonn sí imithe ar feadh cúpla nóiméad. Tagann imní ar Judy. Téann sí suas staighre ina diaidh.

Judy: Tiffany! Cá bhfuil tú?

Tiffany: Istigh anseo! Bhí fuinneog ar oscailt istigh sa seomra. Níl aon duine sa teach.

Tosaíonn an bheirt acu ag gáire.

Scéal Khatie

Judy: Ceapaim go mba cheart dúinn glaoch ar aintín Maria.

Tiffany: OK, glaofaidh mise uirthi.

Ní phiocann aintín Maria suas an fón.

Judy: Oh no! Céard a dhéanfaidh muid anois?

Tiffany: Tar anseo agus tóg an pota, gheobhaidh mise an scuab.

Suas an staighre leo. Go tobann, osclaíonn Tiffany an doras.

Tiffany: Ahhhhh!

Judy: Céard faoi a bhfuil tú ag screadach? Níl ann ach Leo an madra.

Tosaíonn an bheirt acu ag gáire. Osclaíonn an doras

thíos staighre.

Aintín Maria: Hello, ‘bhfuil sibh sa mbaile?

Tiffany: Tá.

Ritheann Tiffany agus Judy síos an staighre.

Judy: Ní chreidfidh tú céard a tharla!

Aintín Maria: Céard a tharla?

Tiffany: Cheap muid go raibh gadaí thuas staighre ach ní raibh ann ach Leo!

Tosaíonn siad ar fad ag gáire.

Scéal Lúc

An mainson mistéireach

Chuaigh siad suas an staighre, dhún doras taobh thiar dóibh, bhain sé geit astu.

Judy: Fan seic, an bhfuil cat ag Maria?

Tiffany: Níl,cén fáth?

Judy: Cheap mé gur cat d'aintín a bheadh ann.

Tiffany: Bhuel ní hea.

Judy: Imigh tusa síos an halla ar dheis, imeoidh mise ar chlé.(go neirbhíseach)

Tiffany: Ok.

Judy: Bí cúramach anois.

Tiffany: Nach bhfuil 'fhios agat go mbeidh.

Cuireann Judy a cuid súile suas go neamh.

Tiffany: AHHHHHH!!!!!!!!!(go hárd)

Ritheann Judy síos go dtí an seomra ina bhfuil Tiffany ag screadaíl ann.

Judy: Céard, Céard..? (as anáil)

Tiffany: Bhris mé m'ionga.

Judy: Cheap mé go bhfaca tú rud éigin. (go cantalach)

Tar éis di an abairt sin a rá, chuala siad 'thump' sa

seomra trasna uathu.

Judy: Sin an torann arís.

Tiffany: Rachaidh muid isteach sa seomra.

Judy: Tusa ar dtús.

Nuair a shiúlann siad isteach sa seomra, feiceann siad fuinneog ar oscailt.

Cloiseann siad ‘bang’ eile.

Tiffany: Cas ar na soilse (neirbhíseach).

Judy: Cá bhfuil an cnaipe?!

Nuair a chasann siad ar na soilse, feiceann siad pug Mharia ag dul suas ar an leaba, is é ag léimt di. An-sin ritheann sé isteach sa mballa. Tá an madra seo fíor ‘thick’.

Imíonn siad ar ais síos ag an teilifís.

Tiffany: Chaill mé an lotto - ‘Ugh’ (crosta).

An Deireadh.

Scéal Sarah

Tiffany: Céard sa diabhal a bhí ansin? (go faiteach)

Judy: Níl a fhios agam!

Tiffany : Céard a dhéanfaidh muid? Caithfidh duine againn fáil amach céard a bhí ann? (go héadócha-sach)

Judy : An bhfuil tú as do mheabhair?! Níl mise ag dul suas ansin.

Tiffany : Ceart go leor, rachaidh mé suas ann liom féin os rud é go bhfuil an iomarca faitís ort.

Judy: Ceart go leor, go n-éirí an t-ádh leat thuas an-sin!

Téann Tiffany suas an staighre go ciúin. Osclaíonn sí an doras go mall agus casann sí ar an solas.

Tiffany : Níl aon rud ann (a bhéiceann Tiffany)

Ansin go tobann ligeann Judy béic mhór aiste.

Judy : AHHHHHHHHHHHH !!! TÁ TAIBHSE ANN!

Tiffany : (Tosaíonn Tiffany ag gáire.) Ní shin taibhse, nach shin í Aintín Maria.

Scéal Sheáin Óig

Judy: Céard a bhí ansin? (i nguth íseal, scanraithe)

Tiffany: Níl a fhios agam. (i nguth cosúil le ceann Judy)

Ciúnas

Tiffany: Caithfidh muid dul suas ann aríst. (go híseal)

Judy: Bhfuil tú craiceáilte?! Caithfidh muid glaoch a chur ar na gardaí, sin céard a chaitheas muid a dhéanamh! Céard faoi más gadaí atá ann?! (i nguth níos airde an geábh seo)

Tiffany: Ach céard faoi más doras nó an ghaoth atá ann, ansin thiocfadh na gardaí. Bheadh náire an domhain orm!

Tuilleadh ciúnais

Tiffany: Right, tá muid ag dul suas ann. Tabhair dom an camán thall ansin.

Tugann Judy an camán di.

Judy: Bí cúramach.

Tiffany: Tá tusa ag teacht liom, tá a fhios agat é sin?

Judy: Níl mé muis! Tá mé ró-óg le bás a fháil.

Go tobann, múchann na soilse. Scréachann an bheirt chailín in ard a ngutha.

Guth ó bharr an staighre: Céard é an raic seo?

Scréachann na cailíní níos airde.

An Guth: Céard atá mícheart libh?! Tá an leictreachas imithe orainn, sin an méid!

Agus siúlann Maria síos an staighre agus í ag luascadh ó thaobh go taobh.

Breathnaíonn an bheirt chailín ar a chéile.

Ansin pléascann siad amach ag caoineadh.

An Deireadh.

Scéal Thomáis

Duine sa teach

Ag leanacht ar aghaidh ón scéal a rinne muid sa gceardlann.

Tá an teilifís ar siúl.

Tiffany: Nach raibh sé sin casta as?

Judy: Bhí, ní mise ná tusa a chas as é.

Tiffany: Tá duine éicint sa teach.

Judy: Caithfidh muid imeacht.

Ritheann siad go dtí an doras ach tá glas ar an doras.

Judy: Ar tusa a chuir glas ar an doras?

Tiffany: Ní mé. Tá muid faoi ghlas istigh sa teach.

Cloiseann siad torann ag tíocht ón gcistineach. Scréachann siad agus ritheann siad suas an staighre. Téann siad isteach i seomra agus cuireann siad glas ar an doras.

Tiffany: Tá faitíos orm. Céard a dhéanas muid?

Judy: Bí ciúin agus ní chloisfidh sé nó sí muid. Tiocfaidh Aintín Maria abhaile go luath.

Théis 5 nóiméad nó mar sin, cloiseann siad coiscéimeanna ag tíocht aníos an staighre, ach ní chorraíonn siad. Ansin cloiseann siad duine éicint ag caint.

An Glór: ‘Cá bhfuil sibh, a chailíní?’

Aithníonn siad an glór.

Tiffany: Nach shin í Aintín Maria?!

Osclaíonn siad an doras agus feiceann siad gurb í atá ann.

Judy: Tá a fhios agat cén chaoi a mbíonn sí agus í ca-ochta. (í ag croitheadh a cloiginn)

An Deireadh.

Scéal Rian

Saol Jim agus Bill

Lá amháin bhí fear darbh ainm Jim. Bhí sé ag dul go dtí teach a chara darbh ainm Bill. Nuair a bhí siad ag teach Bhill thosaigh siad ag imirt peile. Ach thit Jim ar chloch agus thosaigh sé ag caoineadh. Chuaigh siad go dtí an dochtúir. Dúirt an dochtúir go raibh a chos briste. Tar éis an dochtúra chuaigh siad le Supermacs a fháil. Nuair a shroich siad Supermacs bhí sé dúnta mar gheall ar Covid 19. Shroich siad an teach agus d'ith siad pasta ach ansin tháinig mamaí Bhill abhaile agus bhí fearg uirthi. Chonaic sí cos Jim. Chuir sí gla-och ar mhamaí Jim. Chuaigh Jim abhaile agus chuaigh Bill go dtí a sheomra codlata.

Scéal Dhéithín

Siobhán agus Ciarán

Bhí fear agus bean ann fadó. Siobhán agus Ciarán an t-ainm a bhí orthu. Chas siad ar a chéile nuair a bhí siad ag obair in óstán galánta i mBaile Átha Cliath. Ba chócaire é Ciarán agus ba freastalaí í Siobhán.

Tá cuimhne fós ag Siobhán ar an lá a chas sí ar Chiarán, ní raibh sí ach tosaithe agus thit trádaire mór uirthi sa gcistineach. Scanraigh an cailín bocht agus thosaigh sí ag caoineadh agus bhí sí ag croit-headh ó bhaithis go bonn. “Tá tú ceart go leor, tar-laíonn sé sin do ‘chuile dhuine; is iomaí uair a dhoirt anraith, ola agus bainne orm,” a dúirt an fear deas a scuab suas na soithí briste uilig. “Ar mhaith leat dul amach le haghaidh cúpla deoch liom?”

Ón lá sin amach, bhí an bheirt acu greamaithe dá chéile agus chaith siad ‘chuile nóiméad den lá le chéile ag brionglóideach ar an saol iontach a bheadh acu. Phós siad tar éis cúpla bliain agus ch-uaigh siad go Meiriceá agus ina dhiaidh sin thaistil siad go dtí an Astráil.

Bhí saol iontach acu sa ngrian agus thaitin na trán-na agus an saol amuigh faoin aer san Astráil leo agus chuile Dhomhnach bhíodh barbeque mór acu.

Lá amháin chuir Siobhán glaoch ar Chiarán. “Tá scéal agam duit, a stór, bhí mé ag an dochtúir ar maidin agus tá mé ag súil.

Cúpla atá ann!” Bhí seacht gcroí ag Ciarán agus d’oscail sé buidéal beorach. Shocraigh siad teacht abhaile leis na gasúir a thógáil in Éirnn. Bhí plean iontach acu caifé beag deas a oscailt i mBaile Átha Cliath agus teach deas a cheannach agus saol deas a chruthú do na gasúir.

Ansin tharla an tubaiste. Bhí Ciarán ag tiomáint abhaile ón obair nuair a bhuail leoraí mór ina aghaidh agus ba bheag nár maraíodh é. Bhí sé san ospidéal ar feadh sé mhí agus bhí a dhroim gor-taithe go dona agus ní raibh sé in ann don obair níos mó.

Faoin am go raibh sé in ann taisteal abhaile bhí na gasúir tagtha ar an saol agus an t-airgead ar fad a bhí sábháilte acu imithe. Thug a muintir cúnamh dóibh nuair a tháinig siad abhaile agus d’éirigh leo árasán beag a fháil ar cíos.

Cé go raibh an t-árasán beag, bhí sé compordach ach bhí an cíos uafásach daor. Fuair Siobhán jab in óstán ach bhí an pháigh go dona agus na huaireanta an-fhada agus bhí imní uirthi na gasúir a fhágáil róf-hada le Ciarán mar bhí sé ag ól go leor. Lá amháin bhuail an tiarna talún isteach agus dúirt sé go raibh sé ag díol an arásáin. “Ach cá dtiocfaidh muid?”, a bhéic Siobhán, “níl áit ar bith le dhul againn.” Ch-uaigh sí siar sa seomra agus chaith sí trí lá ag cao-ineadh. Chuaigh Ciarán go dtí an pub.

Mí ina dhiaidh sin, bhí Siobhán agus Ciarán agus an bheirt ghasúr ar an tsráid. Fuair siad lóistín éigean-dála ach bhí orthu é a fhágáil nuair a bhí Ciarán ar meisce oíche amháin agus tharraing sé achrann. Tar éis píosa tugadh campa dóibh agus fuair siad fos-cadh ón mbáisteach agus ón bhfuacht. Ba bheag an ceapadh a bhí acu gur mar seo a bheadh an saol acu ar lá a bpósta.

Is é an rud is measa faoin scéal seo, a léitheoir, ná nár cumadh é. Is fíorscéal atá ann. Tá Siobhán agus Ciarán agus an cúpla ar nós na gcéadta clann eile in Éirinn atá gan teach, gan áras. Tá siad ar nós na gcéadta clann eile atá ag iarraidh déirce ar na sráideanna. Tá siad ar nós na gcéadta clann eile atá ag brath ar charthanachtaí le greim a chur ina

mbéil. Tá siad ar nós na gcéadta clann eile atá ar liostaí tithíochta.

Cuimhnigh anocht ar Shiobhán agus ar Chiarán ‘is tú i do leaba dheas chompordach.

JOIN WRITE CLUB

Write Club is a community of like-minded young people between 13 and 18 years of age from all over Ireland who want to create their own work. Our members write plays, short stories, poetry, screenplays... flash fiction, graphic fiction, novels... spoken word pieces. Anything is possible.

FOR MORE INFORMATION, PLEASE VISIT:
WWW.FIGHTINGWORDS.IE/PROGRAMS/WRITE-CLUB/

FIGHTING WORDS

The write to right.